Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Bealtaine 2018
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0014 (COD)**

**8499/2/18**
**REV 2**

**CODEC 665**
**ENT 81**
**MI 304**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceadú agus le faireachas margaidh ar mhótarfheithiclí agus a leantóirí, agus ar chórais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 agus Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/46/CE **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Ar an 28 Eanáir 2016, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite[1], atá bunaithe ar Airteagal 114 CFAE, chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh ar an 19 Lúnasa 2016[2].

[1] 5712/16.
[2] IO C 303, 19.8.2016, lch. 86.

3. Ar an 18 Aibreán 2018, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[3].

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, mar sin, a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

- an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, mar atá leagtha amach i PE-CONS 73/17, mar mhír "A" ag cruinniú atá le teacht, agus an Laitvia, Poblacht na Seice, an tSlóvaic agus an Ghearmáin ag staonadh ón vótáil;
- a chinneadh go ndéanfar na ráitis atá san aguisín a ghabhann leis an nóta seo a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin.

Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

---

[3] 8059/18.